# CRUIT
## AGUS CRUITIRE



funding traditional arts

# AN CHRUIT ÉIREANNACH

## Suaitheantais Náisiúnta na hÉireann

Tá an chruit le cloisteáil in Éirinn le breis is 1,000 bliain. Feictear í ar na seanchrosa cloiche, agus í múnlaithe mar thriantán le sreanga práis. Tógadh le saileach í - adhmad dúchasach na hÉireann, sna seanlaethenta. Ba ghnáth go mbíodh cruitire agus file ag gach Ard-Rí agus Taoiseach in Éirinn, agus is minic gur chumadh ceol agus filíocht ina n-onóir. Sheinneadh an cruitire ceol na cruite mar thionlacán le filíocht na mbard. De réir mar a thuigimid, ba iad na fir a bhíodh i mbun ceol na cruite don chuid is mó.




*John Derricke 'Images of Ireland', 1581*

Bhí cumhachtaí draíochta ag ceol na cruite in Éirinn fadó. De réir na bhfinnscéalta, thiteadh daoine ina gcodladh nuair a chuala siad an suantraí, (ceol mall suaimhneach). Thágadh brón orthu le linn ceol na caointe agus bhíodh gliondar ar a gcroíthe agus fonn rince orthu agus an geantraí á sheinnt ag an gcruitire. Tá ról ar leith ag an gcruit i measc an phobail in Éirinn agus í mar suaitheantais náisiúnta na tíre.Úsáidtear í ar ár gcuid airgid, ar litreacha an rialtais, agus ar chulaith na nGardaí agus an airm.



*An íomhá is sine de chruit ar bhosca iarsmaí Naomh Mogue. Is ón 10ú nó 11ú aois é.*

Sa bhliain 1792, bhí laghdú mhór tagtha ar an gcruitireacht in Éirinn agus d'eagraigh grúpa daoine féile chruitireachta i mBéal Feirste. An sprioc a bhí ag an bhféile ná ceol na cruite a shábháil agus a chaomhnú. D'fhreastal deichniúr gcruitirí Éireannach, agus cruitire amháin ón Bhreatain Bheag ar an bhféile agus sheinn siad an ceol ab ansa leo.

Ba é **Denis Hempson** an cruitire is sine ag an bhféile - bhí se 97 bliain d'aois agus ní bhfuair sé bás go dtí go raibh sé 112 bliain d'aois! Bhain sé úsáid as na hingne agus é ag seinm in áit na méar. Ba é **William Carr** an cruitire is óige ag an bhféile; bhí sé 15

bliain d'aois, agus ní raibh ach bean amháin ann, **Rose Mooney**. Tháinig cruitire amháin ón Bhreatain Bheag agus bádh é ar a bhealach ar ais.

Ní raibh **Edward Bunting**, orgánaí óg ó Chontae Ard Mhacha ach 19 bliain d'aois nuair a tugadh cuireadh dó freastal ar an bhféile cruitireachta i mBéal Feirste agus ceol na gcruitirí a bhreacadh síos. Bhailigh sé cuid mhór eolais ó na cruitirí ar fad, chomh maith lena gcuid ceoil. Tar éis na féile, thaistil sé fud fad Cúige Uladh agus chomh fada le Contae Mhaigh Eo ag bailiú ceoil agus amhrán ó chruitirí agus ó cheoltóirí.

D'fhoilsigh Edward Bunting na foinn uilig i dtrí imleabhair ceoil *The Ancient Music of Ireland* sna blianta 1796, 1809 agus 1840. Bhog sé chuig Baile Átha Cliath, an áit a raibh cónaí air lena bhean chéile agus a theaglagh ar Shráid Bhagóid. Sheinn sé ar an orgáin in



*Edward Bunting (ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*



*Sliocht as leabhair nótaí Bunting atá in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Sa bhlian 1792 bhí orthu na nótaí a scriobh síos mar ní raibh aon ghléas acu chun an ceol a thaifead.*

eaglaisí éagsúla, mar shampla, Eaglais Naomh Stiofáin (The Pepper Canister) i mBaile Átha Cliath. Tá sé curtha i Reilg Mount Jerome, i mBaile Átha Cliath.

Sá lá atá inniu ann, tógtar cruiteanna le hadhmad mailpe, silín agus gallchnó agus de ghnáth bíonn 34 sreanga caoláin, níolón nó carbóin uirthi. Tá suim mhór ag daoine in athbheochan an tseantraidisiúin leis na hingne agus sreanga práis, dár ndóigh. Tá timpeall 15 daoine a thógann cruiteanna in Éirinn faoi láthair, agus is iadsan a thógann cruiteanna do dhaoine fud fad an domhain. Ina theannta sin, tá na céadta daoine óga ag foghlaim ceol na cruite in Éirinn sa lá atá inniu ann. Ta cruitireacht na hÉireann aitheanta ar liosta UNESCO, is gné ar leith dár gcultúr í agus tá sí ag dul ó neart go neart le borradh agus fás uirthi anseo in Éirinn agus fud fad an domhain.

# TURLOUGH Ó CEARBHALLÁIN



Rugadh Turlough Ó Cearbhalláin sa bhliain 1670 i sráidbhaile beag darbh ainm An Obair i gContae na Mí in oirthear na hÉireann. Bhí a theaghlach bocht, ach ba bhreá leo a bheith ag ceiliúradh, ag canadh, agus ag rince le chéile. Nuair a bhí Turlough óg, bhog a theaghlach go Contae Ros Comáin, agus chaith sé a óige ansin. Nuair a bhí sé 18 bliain d'aois, tharla rud éigin uafásach — tháinig an bholgach air, galar a bhí an-choitianta ag an am. Cé gur tháinig sé slán as, chaill sé radharc na súl, agus bhí sé dall ó shin amach. Is cinnte go raibh sé croíbhriste, agus imní air faoi céard a bhí ndán dó.



Ceaptar gur le Turlough Ó Cearbhalláin an chruit seo ón 17ú aois (Ard-Mhusaem na hÉireann)



*Dealbh de Thurlough Ó Cearbhalláin i gCo. Liatroma*

Ach ní raibh Turlough ina aonar. Chuir bean chineálta ó theaghlach saibhir, **Mrs. MacDermott Roe**, aithne air agus bhí sí ag iarraidh cuidiú leis. Thosaigh sé ag foghlaim na cruite agus cé go raibh sé dall, d'fhéadfadh sé na foinn álainn a chloisteáil ina chroí. Tar éis dó trí bliana a chaitheamh ag foghlaim, ní hamhháin go raibh sé ábalta ceol na cruite a sheinm – bhí sé ag cumadh ceoil chomh maith! Ba é *Sí Bheag, Sí Mhór* an chéad phíosa cheoil a chum sé. Bhí sé bunaithe ar fhinnscéal faoi dhá chnoc ina raibh síoga draíochta ina gcónaí ann. De réir an fhinnscéil, bhí cath mhór idir na síoga ar na cnoic, agus insíonn ceol *Sí Bheag, Sí Mhór* scéal a gcatha draíochta. Tá an t-amhrán séimh agus draíochtúil, díreach cosúil leis na síoga féin.



*Carolan, the Irish Bard, James Christopher Timbrell, 1844. (© The O'Brien Collection)*



*Turlough Ó Cearbhalláin, (Francis Bindon c.1720 © Leabharlann Náisiúnta na hÉireann)*

Ba ghnáth go mbíodh Turlough ag taisteal lena chruit, ag marcaíocht timpeall na tíre ar a chapall lena threoraí ag cabhrú leis, agus a chruit ar a dhroim aige. Chuaigh sé chuig caisleáin, tithe móra agus beaga, agus é ag ardú croí na ndaoine lena chuid cheoil. Cé go bhfuil clú agus cáil ar cheol Uí Chearbhalláin, tá a Concerto ar cheann de na píosaí ceoil is cáiliúla a chum sé. De réir an scéil, bhuail Carolan le veidhleadóir cáiliúl, **Francesco Geminiani** ón Iodáil i mBaile Átha Cliath, agus sheinn Geminiani píosa ceoil álainn. Spreag ceol Geminiani Turlough agus dúirt sé "Sílim go bhféadfainn féin rud éigin chomh maith sin a scríobh!" Agus chum sé píosa spleodrach, sona *Concerto Uí Chearbhalláin*.

Níos moille ina shaol, scríobh Carolan píosa an-speisialta darbh ainm *Slán leis an gCeol*. Faoin am seo, bhí a fhios ag Carolan go raibh deireadh ag teacht

*Leathanach as leabhair nótaí Edward Bunting a bhfuil tagairt d'ainm Carolan ann. Scríobhadh iad seo c. 1792.*




*Ní raibh aon bhealach acu ceol a thaifeadadh i 1792 mar atá inniu. Scríobh Bunting síos na nótaí ceoil agus é ag éisteacht leis na gcruitirí. Dá bharr sin tá ceol Uí Cearbhalláin againn inniu. Tá a leabhair nótaí i dtaisce in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.*

lena shaol agus is dócha gur chum sé an píosa seo chun slán a rá leis an gceol ina raibh a chrói istigh ann.

Chum Turlough Ó Cearbhalláin os cionn 200 píosa ceoil i rith a shaoil. Tá a chuid ceoil chomh hálainn gur minic a sheinntear é ag cruitirí agus ag ceoltóirí eile sa lá atá inniu ann. Tá sé lán le háthas, brón, grá, agus gáire. Scríobh sé píosaí agus daoine ag pósadh, ag ceiliúradh laethanta breithe, agus fiú do chairde ar leith a bhí aige.

Bhí saol fada sona aige agus é ag taisteal, ag seinm, agus ag cumadh ceoil cruite go dtí go bhfuair sé bás sa bhliain 1738. Inniu, tá sé ar cheann de na ceoltóirí is cáiliúla in Éirinn. Is minic a chloistear  a cheol ag féilte, i hallaí ceolchoirme, agus ag ceoltóirí ar fud an domhain.

Dá bharr sin, an chéad uair eile a chloiseann tú fuaim bhinn na cruite, smaoinigh ar Thurlough Ó Cearbhalláin, cruitire dall na hÉireann, a d'fhág ina dhiaidh oidhreacht luachmhar ceoil do chruitirí ar fud na cruinne.



*Séamus Ó Flatharta*




*Lisa Canny*

harp IRELAND · CRUIT ÉIREANN

# LÁ NA CRUITE
# HARP DAY



*Moya Brennan agus Cormac de Barra*



*Catríona Cannon agus Kathleen Loughnane*



*Maeve Gilchrist*



*Máire Ní Chathasaigh*



*Gemma Doherty, Saint Sister*



*Gráinne Hambly*

Harp Ireland Cruit Éireann

# LÁ NA CRUITE
# HARP DAY




*Brídín*



*Éadaoin Ní Mhaicín*



*Alannah Thornburgh*



*Laoise Kelly*


arts council / funding traditional arts

harp IRELAND CRUIT ÉIREANN

# LÁ NA CRUITE HARP DAY

CROSFHOCAL

## CROSFHOCAL




### TRASNA

2. Cá háit ar rugadh Turlough Ó Cearbhalláin?
4. Tógtar an chruit le ________
6. Litrigh an focal Gaeilge ar uirlis náisiúnta na hÉireann
7. Tá 34 ______ ar chruit?
8. Cén t-ainm a bhí ar an gceoltóir ón Iodáil a spreag Turlough? Francesco __________

### THÍOS

1. Cén sloinne a bhí ag an mbean a chuidigh le Turlough?
3. Cá háit a raibh an Fhéile Chruitireachta i 1792?
5. Seineann tú an chruit le do chuid _______

harp IRELAND | CRUIT ÉIREANN

**LÁ NA CRUITE**
HARP DAY

# TRÁTH NA GCEIST

1. Cé a bhailigh seancheol na cruite ó chruitirí i mBéal Feirste?
2. Cén t-ainm a bhí ar an gcéad phíosa ceoil a chum Ó Cearbhalláin?
3. Ainmnigh an t-aon bhean a d'fhreastal ar Fhéile Cruitirí Bhéal Feirste
4. Cá raibh Bunting ina chónaí sular bhog sé chuig Baile Átha Cliath?
5. Cad é an focal Béarla ar **shuantraí**?
6. Cén galar a bhí ar Ó Cearbhalláin nuair a chaill sé radharc na súl?
7. Cá bhfuil Bunting curtha?
8. Cén eagraíocht a thug aitheantas do chruitireacht na hÉireann?
9. Cé mhéad píosa ceoil a chum Ó Cearbhalláin i rith a shaoil?
10. Ainmnigh cruitire cáiliúil an lae inniu.

## ANSWERS


*1. Edward Bunting 2. Sí Bheag, Sí Mhór 3. Rose Mooney*

*4. Ard Mhacha 5. Lullaby 6. Bolgach 7. Relig Mount Jerome i mBaile Átha Cliath*

*8. UNESCO 9. Breis is 200 10. Duine ar bith atá luaite thuas*

LÁ NA CRUITE
HARP DAY

# FREAGRAÍ




## INIS SCÉAL DÚINN

Tá súil againn gur bhain sibh taithneamh as bheith ag foghlaim faoin gcruit agus stair na cruite in Éirinn.

Anois, tig leatsa insint dúinn faoin gcruit! Scríobh gearrscéal nó dán faoin gcruit. Is féidir leat pictiúir a dhearadh leis más mian leat.

Fiafraigh ded' mhúinteoir é a scanadh agus é a sheoladh chugainn ag info@harpireland.ie ionas gur féidir linn do scéalta agus pictiúir a scaipeadh ar fud an domhain!